AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 26.11.2024
COM(2024) 725 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Rómáine

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Rómáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe de chuid an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach,[1] mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme,[2] agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[3], is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma, i gcomhcheangal le forfheidhmiú éifeachtach comhleanúnach na rialacha.

(2) Na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ní mór dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Chuige sin, ní mór gealltanas meántéarmach i leith conair

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

ghlanchaiteachais a chur isteach i ngach plean[4], lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar an ngnáth-théarma reachtach i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh sa phlean ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis an plean a thíolacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu an gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 nó nach gcomhlíonann

(4) Tá an Chomhairle, ar mholadh a fháil di ón gCoimisiún, le moladh a ghlacadh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, formhuiniú a dhéanamh ar an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA RÓMÁINE

(5) An 25 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Rómáin a plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún. Cuireadh síneadh leis an sprioc-am chun tíolacadh a dhéanamh mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún i bhfianaise na gcúiseanna a sholáthair an Rómáin.

Próiseas roimh thíolacadh an phlean

(6) An 21 Meitheamh 2024, sheol an Coimisiún, de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha[5] chuig an Rómáin. D'fhoilsigh an Coimisiún an

[4] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

[5] Cuimsítear le réamhthreoir a tarchuireadh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí nach gcuirtear síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin agus conairí lena gcuirtear síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh de chuid an Choimisiúin. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i *dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_ga). Tá sí bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2024 ón gCoimisiún agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033, agus tá costais fhadtéarmacha fáis agus aosaithe OTI i gcomhréir le *Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

chonair thagartha an 25 Deireadh Fómhair[6]. Tá an chonair thagartha rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 6, pointe (d), agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an tagarmharc easnaimh, leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais, agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh. I gconair thagartha na Rómáine, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin agus ar thréimhse choigeartúcháin 7 mbliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 5,2 % i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031) agus do mheánfhás glanchaiteachais 5,5 % le linn na tréimhse 2025-2028.

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Rómáin an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meán 2025-2028	Meán 2025-2031
Fás glanchaiteachais uasta (ar bhonn bliantúil, %)	6.1	5.7	5.3	5.0	4.8	4.7	4.5	5.5	5.2

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Rómáin agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2024. Díríodh san idirphlé ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an Rómáin agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi, agus ar an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá beartaithe atá mar bhonn taca le hiarraidh na Rómáine ar thréimhse choigeartúcháin fhadaithe. Díríodh sa phlé ar an athchóiriú cánach, ar an athchóiriú ar riarachán cánach, ar an athchóiriú ar chóras cánach na micrifhiontar, agus ar athbhreithnithe caiteachais. Pléadh freisin na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(8) I mí Dheireadh Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus le hAirteagal 36(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263, de réir na faisnéise a chuir an Rómáin ar fáil ina plean, chuaigh an Rómáin i mbun próiseas comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta. De réir na faisnéise a chuir an

[6] https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_ga#romania

Rómáin ar fáil ina plean, an 16 Deireadh Fómhair 2024, cuireadh an plean i ndíospóireacht phoiblí le hionadaithe gnó agus leis an tsochaí shibhialta.

Próisis ghaolmhara eile

(9) Faoi láthair, tá an Rómáin faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach[7]. An 3 Aibreán 2020, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/509 faoi Airteagal 126(6) CFAE maidir le staid easnaimh iomarcaigh sa Rómáin mar gheall ar neamhchomhlíonadh beartaithe le critéar easnaimh CFAE, agus d'eisigh sí Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach rialtais faoi 2022 ar a dhéanaí. I bhfianaise an chraptha dhomhain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá nasctha le paindéim COVID-19, an 18 Meitheamh 2021 ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe chuig an Rómáin faoi Airteagal 126(7) CFAE, rud a chuir síneadh leis an sprioc-am le haghaidh an cheartaithe go dtí 2024. An 24 Samhain 2021, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 faoi Airteagal 126(7) CFAE, agus mheas sé nach raibh gá ansin le céimeanna breise sa nós imeachta um easnamh iomarcach. Mar sin féin, in 2023, níor sroicheadh ceann ar bith de fho-chomhpháirteanna uile an Mholta ón gComhairle a cuireadh faoi bhráid na Rómáine in 2021 le corrlach mór. Bhí an t-easnamh ceannlíne i bhfad níos airde (6,5 % de OTI vs 4,4 % de OTI sa Mholadh ón gComhairle), bhí an iarracht struchtúrach i bhfad níos ísle ná mar a moladh, agus bhí an fás ar ghlanchaiteachas i bhfad níos airde ná mar a moladh.

(10) Mar sin de, an 26 Iúil 2024, shuigh an Chomhairle nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021[8]. Tá an Moladh seo i gcomhthráth leis an Moladh athbhreithnithe ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Rómáin[9]. Le glacadh comhuaineach na moltaí sin, moltaí atá saincheaptha don aistriú chuig an gcreat nua rialachais eacnamaíoch agus a bhfuil údar leis ina leith sin, áirithítear comhsheasmhacht idir na conairí coigeartúcháin atá molta.

(11) An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an Rómáin go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha ann. Go sonrach, tá leochaileachtaí os comhair na Rómáine a bhaineann le cuntais sheachtracha, atá nasctha go príomha le heasnaimh mhóra rialtais atá ag dul i méid, agus an tráth céanna, d'éirigh brúnna suntasacha praghsanna agus costais níos déine, agus ba bheag gníomhaíocht beartais a rinneadh[10].

---

7 Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta um easnamh iomarcach maidir leis an Rómáin ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/romania_ga.

8 IO L, 1.8.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2130/oj

9 Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin, 26.11.2024, COM(2024)957 final.

10 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta', COM (2024) 600 final, Foscríbhinn 4

(12) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Rómáine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh[11].

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

(13) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(14) Tháinig méadú 2,4 % ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch sa Rómáin in 2023, arna spreagadh ag an éileamh intíre. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 1,4 % ar an ngeilleagar in 2024, ar luasmhoilliú é sin lena léireofar forbairtí níos boige i dtáirgeadh tionsclaíoch, i bhfoirgníocht chónaithe, i dteicneolaíocht faisnéise agus i seirbhísí iompair. In 2025, tiocfaidh méadú 2,5 % ar fhíor-OTI, le tacaíocht ó thomhaltas príobháideach athléimneach agus ó dhlús a chur le hinfheistíocht phríobháideach, agus cuideoidh dálaí airgeadais is réidhe leis an dá rud sin. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 2,9 % ar fhíor-OTI toisc gur cheart infheistíocht arna cistiú ag an Aontas i mbonneagar poiblí a bheith ina spreagadh láidir don fhás de réir mar a sroichfidh clár na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chéim dheiridh. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2024-2026), meastar go mbeidh fás OTI féideartha sa Rómáin cothrom le 2,2 % ar an meán, arna spreagadh ag doimhniú caipitil agus fás ar tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile. Ba é 5,6 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 5,5 % a bheidh ann in 2024 agus 5,5 % in 2025 agus 5,4 % in 2026. Réamh-mheastar go laghdóidh an boilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 12,8 % in 2023 go 9,0 % in 2024 agus go sroichfidh sé 5,9 % in 2025 agus 5,3 % in 2026.

(15) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na Rómáine 6,5 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, sroichfidh sé 8,0 % de OTI in 2024 agus 7,9 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, 7,9 % de OTI in 2026. Ní léirítear sa réamhaisnéis ón gCoimisiún dréachtbhuiséad na Rómáine le haghaidh 2025, dréachtbhuiséad atá fós le ceapadh. Ba é 48,9 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir na réamhaisnéise ón gCoimisiún, meastar go méadóidh an cóimheas fiachais go 52,2 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go méadóidh sé go 56,1 % de OTI air ag deireadh 2025 agus 59,7 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha a bheith ina ngealltanais go dtí go mbeidh bearta nithiúla beartais mar bhonn taca leo, bearta a dhéanfar a fhógairt go hinchreidte agus a shonrú go leormhaith.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(16) Le plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Rómáine, cumhdaítear an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(17) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

[11] Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Rómáine, nár foilsíodh go fóill.

(18) Leis an bplean, tugtar gealltanas i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 4,8 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. Ina theannta sin, tugann an Rómáin gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí d'fhonn síneadh 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin (2025-2031), tréimhse ar lena linn a bheartaítear meánfhás glanchaiteachais 4,4 %. An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031), is ísle é ná an meánfhás glanchaiteachais sa chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024 (5,2 %). Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar fhás fíor-OTI féideartha ó 2,7 % in 2024 go 2,0 % in 2031. Ina theannta sin, meastar sa phlean go laghdóidh ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 7,2 % in 2024 go 5,0 % in 2025 agus go moilleoidh sé a thuilleadh de réir a chéile go 4,4 % in 2031.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Rómáine

						Síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin				
	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	An meán i gcaitheamh thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028	An meán i gcaitheamh na tréimhse choigeartúcháin 2025-2031
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	14.3	5.1	4.9	4.7	4.3	4.2	3.9	3.8	4.8	4.4
Fás glanchaiteachais (carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	14.3	20.2	26.0	31.9	37.6	43.3	49.0	54.7	n/bh	n/bh
Fás OTI féideartha (%)	2.7	2.7	2.5	2.4	2.2	2.1	2.0	2.0	2.4	2.3
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	7.2	5.0	4.9	4.8	4.7	4.6	4.5	4.4	4.8	4.7

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(19) Dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean agus na toimhdí bunúsacha chun cinn, mhéadódh fiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 52,2 % de OTI in 2024 go 62,6 % de OTI in 2029, sula laghdódh sé go 61,4 % de OTI in 2031, de réir an tábla seo a leanas. Réamh-mheastar go laghdóidh sé go leanúnach ansin go leibhéil atá go mór faoi bhun 60 % de OTI le linn na 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Rómáine

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2041
Fiachas rialtais (% de OTI)	48.8	52.2	55.7	58.5	60.6	62.0	62.6	62.4	61.4	47.9
Comhardú rialtais (% de OTI)	-6.5	-7.9	-7.0	-6.4	-5.7	-5.0	-4.2	-3.4	-2.5	-1.6

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, thabharfaí cóimheas fiachais rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Tá sé sin inchreidte, ós rud é, bunaithe ar thoimhdí an phlean, go réamh-mheasfaí go bhfanfadh an fiachas faoi bhun 60 % de OTI faoi 2041 de réir gach tástála struis cinnteachaíche d'Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an bhfiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6(a) agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(20) Ar bhonn chonair ghlanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, laghdódh easnamh rialtais ghinearálta ó 7,9 % de OTI in 2024 go 2,5 % de OTI in 2031, an chéad bhliain ina mbeadh sé faoi bhun 3 % de OTI. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2041), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh mar a leagtar amach in Airteagal 6(b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(21) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl líneach í, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Mar thoradh air sin, an coigeartú fioscach i gcaitheamh na chéad 4 bliana den phlean, tá sé comhréireach leis an iarracht choigeartúcháin iomlán. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gclásal i dtaca leis an gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (c), agus leis an bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 36(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí maidir le comhardú príomha struchtúrach i bplean na Rómáine

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031
Comhardú príomha struchtúrach (% de OTI)	-4.1	-5.3	-4.3	-3.3	-2.3	-1.3	-0.3	0.7	1.7
Athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach (pc.)	n/bh	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0	1.0

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine.

Comhsheasmhacht an phlean leis an nós imeachta um easnamh iomarcach

(22) Tá an chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean i gcomhréir leis na ceanglais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach (go háirithe leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta a bhunaítear in Airteagal 3(4), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle).

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(23) An ceanglas maidir leis an ngné choisctheach a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 i ndáil leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh, arb é is aidhm dó corrlach coiteann a sholáthar i gcoibhneas leis an luach tagartha easnaimh 3 % de OTI, níl feidhm aige maidir leis an Rómáin, ós rud é go bhfuil sé beartaithe an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % de OTI sa bhliain dheireanach den tréimhse choigeartúcháin agus sa bhliain sin amháin.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(24) De réir an phlean, beidh an fiachas rialtais idir 60 % agus 90 % de OTI idir 2027 agus 2031. Mar sin féin, ós rud é, de réir an phlean, go rachadh an t-easnamh rialtais faoi bhun 3 % de OTI in 2031, rud a d'fhágfadh go n-aisghairfí an cinneadh lena suífí go raibh easnamh iomarcach ann sa bhliain tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, níl feidhm ag an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(25) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí atá éagsúil leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an Rómáin an 21 Meitheamh. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean maidir le cúig athróg, is iad sin an túsphointe (comhardú príomha struchtúrach in 2024), fás OTI féideartha agus fás fíor-OTI, fás díbhoilsceora OTI agus cuirtear san áireamh leis dímheas measta an airgeadra náisiúnta. Tugtar thíos measúnú ar na difríochtaí sin i dtoimhdí. Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht a bhreithnítear ina haonar.

- Glactar leis sa phlean go bhfuil seasamh tosaigh níos measa ann i gcomparáid le toimhde an Choimisiúin. Ba é -4,4 % de OTI an comhardú príomha struchtúrach sa réamhthreoir a tarchuireadh chuig an Rómáin i mí an Mheithimh 2024 agus is é -5,3 % de OTI atá ann sa phlean. Léirítear leis an gcomhardú príomha struchtúrach is ísle sa phlean caiteachas rialtais a bhí níos airde sna chéad trí ráithe den bhliain, arna

spreagadh ag méaduithe tapa ar phá poiblí, ar chaiteachas caipitiúil agus ar aistrithe sóisialta. Sa phlean, tá réamh-mheastachán 2024 maidir le comhardú príomha an-ghar do réamh-mheastachán réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún agus tá sé réalaíoch. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin. Rannchuidíonn sé le meánfhás glanchaiteachais is ísle i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin.

- Glactar leis sa phlean go mbeidh fás OTI féideartha níos ísle in 2024 agus níos airde in 2026-2028 i gcomparáid leis an réamhthreoir a tugadh i mí an Mheithimh 2024. Ar an iomlán, tá an tsraith chomh cobhsaí céanna leis na sraitheanna sa réamhthreoir. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. An fhéidearthacht toimhdí malartacha fáis fhéideartha a úsáid, tá an fhéidearthacht sin i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(f) de Rialachán (AE) 2024/1263, ar choinníoll go bhfuil fás carnach thar an tréimhse réamh-mheastacháin (i.e. suas le 2041) i gcomhréir tríd is tríd le toimhdí an Choimisiúin, rud is amhlaidh sa phlean. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

- Glactar leis sa phlean go mbeidh fás an díbhoilsceora OTI níos ísle le haghaidh 2025 i gcomparáid leis an réamhthreoir d'Earrach 2024, rud a fhágann go mbeidh rátaí fáis níos ísle ag an díbhoilsceoir OTI le linn na tréimhse coigeartúcháin agus úsáid á baint as riail an chóineasaithe línigh mheántéarmaigh ag tosú ón leibhéal níos ísle sin. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais is ísle i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Tá an toimhde sin faichilleach agus dá bhrí sin tá údar cuí leis.

- Cuirtear san áireamh go leormhaith sa Phlean a thoimhde maidir le ráta malairte RON atá ag dímheas, *vis-à-vis* an EUR sa chonair fiachais. Meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin agus rannchuidíonn sé le meánfhás glanchaiteachais is ísle i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin.

  An difríocht atá fágtha, níl tionchar mór aici ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile sna toimhdí a ghlactar le chéile ná meánfhás glanchaiteachais sa phlean is ísle ná an chonair thagartha. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean i measúnuithe amach anseo ar chomhlíonadh an mholta seo.

Straitéis fhioscach sa phlean

(26) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhíthin smacht ar chaiteachas go príomha. Réamh-mheastar go laghdóidh an cóimheas idir caiteachas príomhúil an rialtais agus OTI ó 40,6 % in 2024 go 34,6 % in 2031, i.e., 6 phointe céatadáin thar 7 mbliana. Meastar go laghdóidh na catagóirí caiteachais uile mar sciar de OTI. Tacaítear leis an ngealltanas sin go pointe áirithe leis na hathchóirithe caiteachais a chuirtear i láthair sa phlean (athbhreithnithe caiteachais, athchóirithe pinsin, athchóiriú ar rialachas fiontar atá faoi úinéireacht an stáit) ach beidh gá le cur chun feidhme dian, agus bearta breise i gcoibhneas leo siúd a chuimsítear sa phlean, chun na spriocanna a bhaint amach. Tá sonraíocht na mbeart beartais le deimhniú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla.

(27) An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean. Beidh ar rialtas nua formhór na ngealltanas sin a chur i bhfeidhm. Thairis sin, an 20 Samhain 2024, d'fhógair an tAire Saothair agus Dlúthpháirtíochta Sóisialta méadú 12,1 % ar luach an phointe tagartha le haghaidh pinsean. Tugtar le tuiscint leis an bhfógra sin go dtiocfaidh méadú i bhfad níos mó (thart ar 1 % de OTI) ar phinsin ná mar a ghlactar leis, is cosúil, sa phlean, i.e. reo ainmniúil ar phinsin in 2025.

Sraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta sa phlean chun bheith mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh

(28) Sa phlean, tugann an Rómáin gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an bhfás féideartha agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach, chun bheith mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh ó 4 bliana go 7 mbliana. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, tá sé comhdhéanta de roinnt gealltanas ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta; roinnt gealltanas ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta le sonraíochtaí breise; chomh maith le roinnt athchóirithe nua. Áirítear leis sin na bearta seo a leanas (féach freisin Iarscríbhinn II):

- Athchóiriú pinsean agus pinsin speisialta a athchóiriú. Is bearta den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana iad an dá athchóiriú seo agus comhfhreagraíonn siad do gharspriocanna 213, 214, agus 215 maidir le hathchóiriú chóras na bpinsean poiblí i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine, ar garspriocanna iad a glacadh cheana féin. Chuirfeadh cur chun feidhme iomlán na n-athchóirithe sin go mór leis an inbhuanaitheacht fhioscach, ach tiocfaidh an chuid is mó den tionchar chun cinn san fhadtéarma. Foráiltear le hathchóiriú na bpinsean speisialta go ndéanfar cóimheasa athsholáthair na bpinsinéirí speisialta a ailíniú de réir a chéile leis an gcóimheas atá i réim sa chóras ginearálta. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú pinsean athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an gcóras, agus na pinsin uile a athríomh ar bhealach lena léirítear an prionsabal ranníocach ar bhealach níos fearr. Cuimsítear san athchóiriú freisin forálacha lena spreagtar saol oibre níos faide: cuireann sé pointí bónais ar fáil do thréimhsí fada ranníocaíochta agus nascann sé an aois scoir reachtúil le forbairtí san ionchas saoil. Tá tionchar fioscach na n-athchóirithe sin cainníochtaithe ag an mBanc Domhanda.
- Athchóiriú pá íosta. Tá an gealltanas athchóirithe seo sa bhreis ar gharsprioc 392 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirithítear socrú pá íosta agus tugtar isteach leis córas nua chun an t-ollphá íosta a shocrú, bunaithe ar na rátaí fáis boilscithe agus táirgiúlachta atá réamh-mheasta ag institiúid neamhspleách, agus áirithítear leis an tráth céanna go bhfanfaidh an pá íosta laistigh de raon áirithe i gcoibhneas leis an meánphá. Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar intuarthacht na nuashonruithe maidir leis an bpá íosta, rud a thacóidh le méaduithe *ad hoc* a sheachaint a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar iomaíochas costais. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme in 2025 agus meastar go nginfidh sé ioncam breise ar fiú 0,1 % de OTI é.
- Athchóiriú ar chóras luacha saothair na hearnála poiblí. Tá an gealltanas athchóirithe sa bhreis ar gharsprioc 420 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine maidir le córas pá aonadach cóir a fhorbairt san

earnáil phoiblí. Is é cuspóir an athchóirithe beartas pá atá cóir agus inbhuanaithe go fioscach a áirithiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chomhéifeachtaí rangaithe le haghaidh gach teaghlaigh ceirde, trí scálaí tuarastail le haghaidh oifigigh rialtais áitiúil, agus trí bhónais a uasteorannú ag 20 % den bhuntuarastal. Cuirtear i dtábhacht sa phlean an gá atá leis an athchóiriú a bheith comhoiriúnach leis an inbhuanaitheacht fhioscach, agus déanfar an t-imchlúdach le haghaidh chúiteamh iomlán na hearnála poiblí a chuimsítear sa phlean, chomh maith le forálacha an dlí um fhreagracht fhioscach a urramú agus é á chur chun feidhme. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme sa chás ina laghdófar an t-easnamh rialtais faoi bhun 5,0 % de OTI, agus sa chás sin amháin.

- Athchóiriú ar chánachas micrifhiontar. Tagraíonn an plean do gharsprioc 206 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat cánach. Déantar achoimre ann ar na bearta a rinneadh cheana, atá faoi athbhreithniú i gcomhthéacs an tríú hiarraidh ar íocaíocht. Is é príomhchuspóir an athchóirithe raon feidhme chóras na micrifhiontar a laghdú trí na coinníollacha incháilitheachta a dhéanamh níos doichte, agus an córas á choimeád chomh simplí agus is féidir an tráth céanna. Rinneadh roinnt beart cheana féin in 2022 agus 2023, agus tugtar le fios sa phlean go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na céimeanna atá fágtha ag tosú ó 2025. Meastar sa phlean go nginfidh an t-athchóiriú seo 0,1 % d'ioncam breise OTI don rialtas. D’fhéadfaí ioncam breise a ghiniúint dá mba é a bhí san athchóiriú laghdú cinntitheach ar thairseach incháilitheachta chóras cánach na micrifhiontar, agus ailíniú leis an tairseach CBL. Choimeádfadh sé sin an córas simplí agus bheadh sé níos éasca é a riar.
- Athchóiriú cánach. Is beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta é seo atá ann cheana agus baineann sé le garspriocanna 205, 207, 208 maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat cánach, chomh maith le garsprioc 237 maidir le samhail luachála maoine uathoibríoch a fhorbairt. Tá an tuairisc ar phríomhchuspóirí an athchóirithe i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (cothroime níos mó, simplíocht agus intuarthacht an chórais cánach, dreasachtaí níos fearr). Dírítear leis an athchóiriú ar mhéadú 1,1 % de OTI ar ioncam rialtais in 2025, atá glan ar thionchar an mhéadaithe ar an gcuid sin de phinsin atá saor ó cháin (atá cothrom le laghdú cánach ar fiú 0,2 % de OTI é). Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór bearta nua a chur chun feidhme faoi dheireadh R1 2025, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú bliana iomláine 1,7 % de OTI ar ioncam rialtais. Níor sonraíodh na bearta sin go fóill ach leagtar amach sa phlean próiseas as a dtiocfaidh cur chun feidhme an athchóirithe agus luaitear ann gur féidir gach réimse cánachais a bheith faoi réir athchóirithe.
- Athchóiriú ar an riarachán cánach. Cuireann an t-athchóiriú seo leis na gealltanais i ngarspriocanna 225 agus 226 maidir le feabhas a chur ar phróisis maidir le cáin agus riarachán cánach. Is é príomhchuspóir an athchóirithe éifeachtúlacht agus acmhainneacht riaracháin ANAF, an ghníomhaireacht riaracháin cánach, a mhéadú trí uirlisí digiteacha a ghiaráil agus trí shásraí faireacháin níos déine a chur chun feidhme. Cuimsítear ann roinnt beart, go háirithe: sásra luathbhraite calaoise CBL a thabhairt isteach; uirlisí anailíseacha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna CBL; faireachán níos fearr ar chomhlíonadh digiteach; sásra rialaithe pleanála cánach a thabhairt

isteach le haghaidh cáiníocóirí móra agus meánmhéide; bunachair sonraí inmheánacha a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú; agus an reachtaíocht dócmhainneachta a leasú chun rialú níos fearr a áirithiú ar chásanna cuideachtaí a dhearbhaíonn go bhfuil siad dócmhainneach. Meastar sa phlean gurb é 0,5 % de OTI tionchar an athchóirithe sin thar an tréimhse 7 mbliana, rud atá inchreidte de réir dealraimh.

- Athchóiriú ar an gcóras caiteachais phoiblí. Tá an t-athchóiriú seo sa bhreis ar ghealltanais i ngarsprioc 202 maidir le feabhas a chur ar an sásra clársceidealaithe bhuiséadaigh, i ngarsprioc 234 maidir le feabhas a chur ar an sásra clársceidealaithe bhuiséadaigh, agus i ngarsprioc 392 maidir le socrú pá íosta a áirithiú, chomh maith le sprioc 403 maidir le feabhas a chur ar intuarthacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas cinnteoireachta sa rialtas. Is é is aidhm don athchóiriú éifeachtúlacht, trédhearcacht agus freagracht fhioscach a mhéadú maidir le húsáid cistí poiblí. Cuimsítear ann bearta chun róchaiteachas gan údar maith a rialú, measúnuithe córasacha caiteachais (athbhreithnithe caiteachais) a chur chun feidhme agus soláthar láraithe a leathnú. Cuimsítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa phlean, i dteannta a chéile, roinnt beart chun athbhreithnithe caiteachais a ailíniú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta: feabhas a chur ar úinéireacht an rialtais agus ar an tiomantas polaitiúil don phróiseas, foireann inniúil a fhostú chun na hathbhreithnithe a dhéanamh, spriocanna coigiltis cainníochtaithe a chur san áireamh, feabhas a chur ar an struchtúr rialachais, agus athbhreithnithe a chomhtháthú ar bhealach níos fearr le próiseas an bhuiséid. De réir an phlean, meastar go nginfidh an t-athchóiriú seo coigilteas buan arb é atá ann 0,35 % de OTI, rud atá inchreidte de réir dealraimh.
- Athchóiriú ar an gcóras maoinithe le haghaidh gnólachtaí. Is beart nua é seo sa bhreis ar na beartas i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine agus is é is aidhm dó tacú leis an timpeallacht ghnó, go háirithe an tionscal déantúsaíochta agus FBManna, agus sásraí maoinithe cothromais phríobháidigh a chruthú ‘atá dírithe ar fheidhmíocht eacnamaíoch’. Foráiltear leis an athchóiriú, go háirithe, go mbunófar Ciste Infheistíochta chun tacú le gnó an chothromais phríobháidigh i gcás FBManna, creat dlíthiúil nua chun tacú le hinfheistíochtaí straitéiseacha sa gheilleagar i gcás an tionscail déantúsaíochta, agus creat dlíthiúil nua chun deontais shainchuspóireacha a dheonú i gcás an tionscail déantúsaíochta. Ní dhéantar tionchar an athchóirithe a chainníochtú, ach is féidir a mheas go rannchuideoidh sé ar bhealach dearfach, ach de bheagán, leis an bhfás féideartha.
- Athchóiriú ar chóras caiteachais na n-oibreoirí eacnamaíocha stáit/áitiúla (fiontair faoi úinéireacht stáit). Is beart nua é an t-athchóiriú seo sa bhreis ar na bearta a leagtar amach sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Is é sprioc an athchóirithe seo coigilteas a ghiniúint ar fud na bhfiontar faoi úinéireacht stáit, trí ghnóthachain éifeachtúlachta agus trí fhreagracht níos mó i gcinntí caiteachais. Cuimsítear san athchóiriú seo roinnt beart, amhail rialacha caiteachais agus cleachtais nua a thabhairt isteach chun caiteachas caipitil a bhainistiú ar bhealach níos fearr, ag dul sa treo ceart. Meastar sa phlean gurb é 0,25 % de OTI an t-ioncam breise a d’fhéadfadh a bheith ann le haghaidh thréimhse iomlán an phlean, rud atá uaillmhianach de réir an Choimisiúin.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, tá gach athchóiriú agus infheistíocht atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse

choigeartúcháin mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leordhóthanach.

(30) Gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta atá mar bhonn taca faoin síneadh, tá athchóirithe agus infheistíochtaí móra iontu atá dírithe ar fheabhas a chur ar an inbhuanaitheacht fhioscach agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a fheabhsú. Ina theannta sin, tugann an Rómáin gealltanas leanúint den iarracht tabhairt faoin athchóiriú le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean struchtúrach fioscach meántéarmach agus na leibhéil infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta, a baineadh amach le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, a choinneáil ar bun (féach thíos, Tábla 5). Déanfar faireachán ar an ngealltanas le linn chéim cur chun feidhme an phlean. Dá réir sin, is féidir gealltanais faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 36 (1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263.

(31) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go gcuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar na Rómáine ar bhealach inbhuanaithe mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1263. Ní sholáthraítear sa phlean meastacháin chainníochtaithe ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar fhás féideartha. Mar sin féin, le hathchóirithe pinsean (an córas ginearálta agus pinsin speisialta), ba cheart rannchuidiú, le himeacht ama, le lucht saothair níos mó i gcomparáid leis an gcás neamh-athchóirithe agus, dá bhrí sin, OTI féideartha a mhéadú. Thairis sin, déantar foráil sa phlean maidir le méadú mór ar infheistíocht phoiblí, go háirithe i mblianta tosaigh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean, ó 5,4 % de OTI in 2023 go 7,1 % in 2025 agus 7,3 % in 2026. Cuideoidh na hinfheistíochtaí sin, i réimsí uile lena n-áirítear príomhbhonneagar, le hacmhainneacht fáis agus athléimneacht an gheilleagair a mhéadú. Le hathbhreithnithe caiteachais, ba cheart cuidiú freisin le hacmhainní laistigh den bhuiséad a ath-leithdháileadh i dtreo tosaíochtaí lena gcuirfear leis an bhfás.

(32) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go dtacófar leis an inbhuanaitheacht fhioscach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263. Le hathchóirithe a bhaineann le taobh ioncaim an bhuiséid, cruthófar ioncam breise suntasach don rialtas. Ba cheart ioncam breise idir 2,0 % agus 2,5 % de OTI a bheith mar thoradh ar éifeacht charnach an athchóirithe cánach, an athchóirithe ar riarachán cánach, agus an athchóirithe ar an gcóras cánach le haghaidh micrifhiontar, nuair a chuirtear chun feidhme ina n-iomláine iad. Ó thaobh an chaiteachais de, meastar go nginfear coigilteas ar fiú 0,5 % go 1,0 % de OTI é le hathchóirithe arb é is aidhm dóibh athbhreithnithe caiteachais agus bainistiú oibreoirí eacnamaíocha stáit/áitiúla a neartú, fiú más cosúil go bhfuil cuid de na meastacháin sa phlean ard. Chomh maith leis sin, leis an dlí maidir le pá aonadach le haghaidh fostaithe san earnáil phoiblí, ba cheart a bheith in ann laghdú fóinteach 1,5 % de OTI a dhéanamh ar an mbille pá poiblí mar sciar de OTI idir 2024 agus 2031 de réir an phlean, má chuirtear chun feidhme é laistigh den imchlúdach dá bhforáiltear sa phlean. Ar deireadh, leis na hathchóirithe pinsean (an córas ginearálta agus pinsin speisialta), ginfear coigilteas faoi dheireadh na tréimhse 7 mbliana a chumhdaítear leis an bplean, ach tiocfaidh formhór an choigiltis chun cinn san fhadtéarma.

(33) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, rannchuidítear le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais mar a cheanglaítear le

hAirteagal 14(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Formhór na n-athchóirithe atá mar bhonn taca faoin iarraidh ar shíneadh, cuireann siad le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, trí chobhsaíocht fhioscach a áirithiú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na hearnála poiblí agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn. Leis na gealltanais maidir le feabhas a chur ar riarachán cánach agus athbhreithnithe caiteachais críochnúla a chur chun feidhme, ba cheart a bheith in ann, le himeacht ama, acmhainní a ath-leithdháileadh i dtreo tosaíochtaí atá fabhrach d'fheidhmíocht eacnamaíoch agus d'fheabhsuithe sóisialta. Leis an athchóiriú ar an sásra socraithe pá íosta, ba cheart leibhéal iomchuí a áirithiú don phá íosta lena n-urramaítear tosaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha. Daingneoidh athchóirithe pinsean (an córas ginearálta agus pinsin speisialta) inbhuanaitheacht an chórais agus méadóidh siad cothromas agus cothroime i leibhéal na bpinsean. Ar deireadh, le feabhsuithe ar dhigitiú an riaracháin cánach, ba cheart rannchuidiú leis an aistriú digiteach. Ní thugtar aghaidh go díreach ar thosaíochtaí coiteanna eile an Aontais, mar atá an tslándáil fuinnimh a áirithiú agus cumais chosanta a mhéadú, leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh, cé go dtugtar aghaidh ar an tslándáil fuinnimh i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine.

(34) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, tugtar aghaidh ar roinnt de na[12] moltaí tírshonracha ábhartha arna n-eisiúint mar chuid den Seimeastar Eorpach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (d) de Rialachán (AE) 2024/1263. Go sonrach, meastar go rannchuideoidh athchóirithe leis an moladh tírshonrach a eisíodh in 2023 maidir le haghaidh a thabhairt ar an moladh fioscach lena n-iarrtar ar an Rómáin a heasnamh iomarcach a cheartú agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca faoin bplean, réamh-mheastar go laghdóidh an t-easnamh sa chuntas reatha ó 7,7 % de OTI in 2024 go 4,1 % de OTI in 2031. Tagann an chuid is mó den tionchar ón laghdú ar easnamh an rialtais, le tacaíocht ó na hathchóirithe atá mar bhonn taca faoin iarraidh ar chonair choigeartaithe leathnaithe. Meastar go dtacóidh fás níos moille ar chaiteachas rialtais agus beartais stuama ioncaim (méaduithe measartha ar phinsin agus ar phá poiblí, athchóiriú pá íosta) leis an iomaíochas.

(35) Meastar go gcuideoidh an t-athchóiriú pá íosta agus an t-athchóiriú pinsean le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ó 2019 maidir leis an ngá atá le socrú pá íosta a áirithiú bunaithe ar chritéir oibiachtúla, i gcomhréir le cruthú post agus le hiomaíochas. Meastar go gcuideoidh athchóirithe ar athstruchtúrú an chórais caiteachais phoiblí (athbhreithnithe caiteachais) agus ar an athchóiriú ar chóras pá na hearnála poiblí le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ó 2019 agus 2020 maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí agus ar cháilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí. Thairis sin, cuideoidh an t-athchóiriú pinsean agus athchóiriú na bpinsean speisialta le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a eisíodh in 2019 maidir le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean poiblí agus inmharthanacht fhadtéarmach chistí pinsin an dara colún a áirithiú, agus rannchuideoidh an t-athchóiriú cánach agus an t-athchóiriú ar an

[12] Is moltaí iad na moltaí tírshonracha a mheastar a bheith 'ábhartha': i) arna nglacadh ag an gComhairle ó 2019 ar aghaidh, ii) nach bhfuil dul chun cinn 'iomlán' nó 'substaintiúil' déanta ag an mBallstát go fóill maidir le haghaidh a thabhairt orthu agus nach bhfuil as dáta (arna measúnú mar 'Gan Measúnú / Gan Ionchur le Cur Isteach'), mar a measadh sa chleachtadh faireachais is déanaí ar an Seimeastar Eorpach (atá ar fáil in CeSaR (europa.eu)), iii) nach bhfuil nasctha le CCF fioscach amháin agus iv) nach gcumhdaítear leo an dúshlán céanna ach ar bhealach athshonraithe.

riarachán cánach le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ó 2019 agus 2020 maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus comhlíonadh agus bailiú cánach a neartú. Ba cheart d'fhormhór na mbeart atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin cuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ó 2022 agus 2023 maidir le beartais fhioscacha a shaothrú d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach.

(36) Áirithítear leis an bplean go gcoinneofar ar bun leibhéal foriomlán beartaithe na hinfheistíochta poiblí a mhaoinítear go náisiúnta arna réadú ar an meán i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 5: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta sa phlean (% de OTI)

Meánleibhéal thar thréimhse a chumhdaítear leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta (2021 go 2026)	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	An meán i gcaitheamh thréimhse an phlean (2025-2028)
4.1	5.3	5.6	4.8	4.3	4.1	3.6	3.2	5.0

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine

(37) Ar deireadh, maidir leis an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh, is féidir a mheas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na gealltanais sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (d) de Rialachán (AE) 2024/1263. Is é sin, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263, meastar go bhfeidhmeoidh gach gealltanas i leanúnachas agus i gcomhlántacht leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta nó le Comhaontú Comhpháirtíochta bheartas comhtháthaithe Eorpach na Rómáine, agus go bhfreagróidh siad do na moltaí tírshonracha, agus do thosaíocht choiteann amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

(38) Mar chonclúid, maidir leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, meastar go gcomhlíonann siad na critéir in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a chuirtear le chéile iad. Mar thoradh air sin, is féidir síneadh ó 4 bliana go 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar a chuirtear chun tosaigh sa phlean.

Cuspóirí athchóirithe agus infheistíochta eile sa phlean lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais

(39) Cé is moite den tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hinfheistíochtaí eile chun freagairt do roinnt de na dúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

(40) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le haistriú cóir glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear sa phlean athchóirithe agus infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionscal mór (cruach agus ceimiceáin), trí phróisis táirgthe a leictriú agus trí aistriú chuig úsáid hidrigine in-athnuaite nó breoslaí hidrigine in-athnuaite. Is é EUR 1 bhilliún buiséad iomlán na scéime, agus déanfar íocaíochtaí sa tréimhse 2025-2031. Bainfear amach maoiniú na scéime seo trí lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa (lamháltais CO2) a dhíol. Cuimsítear sa phlean freisin clár infheistíochta chun an príomhbhonneagar uiscithe (EUR 2.3 billiún) agus an bonneagar draenála (EUR 34 mhilliún) a athshlánú. Cuideoidh na bearta sin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha a eisíodh in 2022 agus 2023 a bhaineann leis an ngá atá le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, trí fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla agus trí fheabhas a chur ar acmhainneacht eangaí chun go mbeidh acmhainneacht nua in ann oibriú sa mhargadh. Ní thugtar tuairisc sa phlean ar ghnéithe a bhaineann le cothroime an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

(41) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuimsítear sa phlean scéim nua Tacaíochta Stáit le haghaidh infheistíochtaí chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach, trí thionscadail infheistíochta mhórscála lena ndírítear ar earnálacha ardleibhéil agus lena dtacaítear le héagsúlú gníomhaíochtaí eacnamaíocha sna réigiúin is mídheisiúla. Is é EUR 450 milliún an buiséad iomlán a leithdháileadh. Cuimsítear sa phlean freisin scéim Státchabhrach le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, le deontais, buntáistí cánach agus bearta simplithe riaracháin (sprioc-amanna le haghaidh ceadanna a ghiorrú, talamh a dhámhachtain go díreach chun infheistíochtaí a chur chun feidhme sa réimse poiblí nó príobháideach atá faoi úinéireacht an stáit/na n-údarás poiblí áitiúil, bonneagar iompair agus na fóntais is gá le haghaidh na n-infheistíochtaí a sholáthar). Is é EUR 1 bhilliún buiséad iomlán na scéime, agus déanfar íocaíochtaí sa tréimhse 2025-2031. Is iad seo a leanas na hearnálacha a bheidh in ann tairbhe a bhaint as an scéim seo: tionscal an bhia, tionscal na gceimiceán, an tionscal cógaisíochta, an tionscal miotalóireachta, an tionscal cosanta, an tionscal tógála miotail, tógáil innealra agus suiteálacha, monarú innealra agus trealaimh, agus trealamh leictreach. Cuideoidh na bearta sin le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a eisíodh in 2020 maidir le tacaíocht leachtachta a sholáthar don gheilleagar le haghaidh gnólachtaí.

(42) Mar sin féin, ní thugtar aghaidh sa phlean ar mholtaí tírshonracha tábhachtacha eile i réimse na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear moltaí tírshonracha ó 2019 agus 2020 maidir le cumhdach agus cáilíocht na seirbhísí sóisialta a mhéadú, bearta cosanta sóisialta a leathnú, an t-athchóiriú ioncaim íosta maidir le cuimsiú a chur i gcrích, feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte agus costéifeachtúlacht an chúraim sláinte (lena n-áirítear an t-aistriú chuig cúram othar seachtrach), athléimneacht an chórais sláinte a neartú (lena n-áirítear i réimsí na n-oibrithe sláinte agus na dtáirgí leighis), agus feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sláinte. Ní thugtar aghaidh go hiomlán ar mholtaí tírshonracha a eisíodh in 2019 agus 2020 maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar fheidhmiú an idirphlé shóisialta agus ar intuarthacht na cinnteoireachta, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht leordhóthanach na gcomhpháirtithe sóisialta, fiú má théann an t-athchóiriú pá íosta sa treo ceart. Ní thugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ó 2019 agus 2020 maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus cuimsitheacht an oideachais (go háirithe do na Romaigh agus do ghrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste), maidir le feabhas a chur ar

scileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha (trí ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an ardoideachais maidir le margadh an tsaothair a mhéadú), maidir le scileanna agus foghlaim dhigiteach a neartú, agus maidir le rochtain chomhionann ar an oideachas a áirithiú. Thairis sin, ní thugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach ó 2023 maidir le dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú. Ar an iomlán, ní thugann na hinfheistíochtaí a liostaítear sa Phlean aghaidh go leordhóthanach ar mholtaí tírshonracha sa réimse fostaíochta, scileanna agus sóisialta.

(43) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann leis an tslándáil fuinnimh, luaitear sa phlean rannpháirtíocht na Rómáine i dtionscnaimh thrasnáisiúnta maidir le bonneagar iompair fuinnimh arb é is aidhm dóibh slándáil fuinnimh na hEorpa a mhéadú, lena n-áirítear Conair an Deiscirt, Conair BRUA (an Bhulgáir-an Rómáin-an Ungáir-an Ostair) agus an Chonair Thras-Balcáin.

(44) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le cumais chosanta, tagraítear sa phlean do thionscnaimh nua chun rialáil a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil ginearálta chun saoráidí a dheonú d'infheistíochtaí a bhfuil tionchar suntasach acu i réimse na déantúsaíochta. Ceann de na saoráidí sin is ea scéim státchabhrach arb é is aidhm di, *inter alia*, an tionscal cosanta a chumhdach.

(45) Cuirtear roinnt faisnéise ar fáil sa phlean maidir le comhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine, agus a dtairbhí don Rómáin, agus cuirtear i dtábhacht ann an chomhlántacht idir cistí náisiúnta agus cistí Eorpacha, go háirithe maidir le mórbhonneagar agus tionscadail forbartha tuaithe, agus cuirtear i dtábhacht ann freisin go bhfuil rath úsáid na gcistí Eorpacha ag brath ar bhainistiú éifeachtúil na gcistí Eorpacha agus na gcistí sin a leithdháiltear trí bhuiséad ginearálta comhdhlúite na Rómáine.

(46) Tugtar forléargas sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na Rómáine a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais. Maidir le haistriú cóir glas agus digiteach, tagraítear sa phlean don scéim cabhrach chun próisis táirgthe thionsclaíocha a dhícharbónú trí phróisis táirgthe a leictriú agus trí aistriú chuig úsáid hidrigine in-athnuaite nó breoslaí hidrigine in-athnuaite. I ndáil leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, tuairiscítear sa phlean go háirithe an gá atá le clár infheistíochta a chur chun feidhme chun an príomhbhonneagar uiscithe a athshlánú, an gá atá leis an scéim státchabhrach chun tacú le tionscadail infheistíochta sa tionscal déantúsaíochta, agus an gá atá le hinfheistíochtaí chun an fhorbairt réigiúnach a áirithiú lena n-áirítear tionscadail infheistíochta mhórscála. Maidir le cumais chosanta a mhéadú, tuairiscítear sa phlean an gá atá leis an scéim státchabhrach le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha a chur chun feidhme go hiomlán, le deontais, buntáistí cánach agus cineálacha eile tacaíochta, rud a thacóidh leis an earnáil cosanta, chomh maith le nithe eile.

Conclúid mheasúnú an Choimisiúin

(47) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na Rómáine ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN

(48) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais, mar a leagtar amach sa phlean, a mholadh

don Rómáin, agus ba cheart an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana a fhormhuiniú.

AG MOLADH LEIS SEO don Rómáin

1. A áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

2. An tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh go dtí 7 bliana a chur chun feidhme, mar a bhunaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo, faoi na sprioc-amanna a léirítear.

Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an Rómáin a áirithiú go dtabharfar i gcrích athchóirithe agus infheistíochtaí eile a chomhfhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha, agus go dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis ainmniúla an ghlanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

an Rómáin

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	5.1	4.9	4.7	4.3
	Carnach (*)	20.2	26.0	31.9	37.6

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023.

IARSCRÍBHINN II

Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh 7 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin le haghaidh na Rómáine

	Príomhchuspóirí	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna[13]	Táscairí faireacháin
Athchóiriú Pinsean (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: C8.R6.0.M214)	Is é príomhchuspóir an athchóirithe inbhuanaitheacht chóras ginearálta na bpinsean a áirithiú. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh san athchóiriú: foirmle ríomha nua le haghaidh pinsean, riail nua maidir le hinnéacsú pinsean agus sásra chun méaduithe *ad hoc* ar phinsin a chosc, deiseanna laghdaithe luathscoir, dreasachtaí chun síneadh a chur leis an saol oibre, an aois scoir chaighdeánach a mhéadú go huathoibríoch i gcomhréir le hionchas saoil, an aois scoir dhlíthiúil le haghaidh fear agus ban a ailíniú ag 65 bliana d'aois faoi 2035.	An gníomh normatach lena ndéantar athchóiriú ar chóras ginearálta na bpinsean, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024.	Garsprioc ábhartha C8.R6.0.M214 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta comhlíonta go sásúil An dlí a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPlean.
Athchóiriú Pinsean Speisialta (beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana atá ann cheana: C8.R6.0.M215)	Leis an gcreat reachtach nua, déantar athbhreithniú ar phinsin speisialta chun iad a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an bprionsabal ranníocach. Ní chruthaítear aon chatagóir nua de phinsin speisialta, agus déantar na catagóirí atá ann cheana a chuíchóiriú. Ríomhtar pinsin speisialta ar bhonn an phrionsabail ranníocaigh, fhad na seirbhíse, agus choigeartú an chéatadáin atá nasctha le tuilleamh. Tá an íostréimhse ranníocaíochta cosúil leis an íostréimhse a chuirtear i bhfeidhm i gcóras ginearálta na bpinsean. Ní cheadaítear aon phinsean speisialta a bheith níos mó ná an t-ioncam a thuilltear le linn na tréimhse ranníocaíochta.	An gníomh normatach lena ndéantar athbhreithniú ar phinsin speisialta chun iad a ailíniú leis an bprionsabal ranníocach, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.	Garsprioc ábhartha C8.R6.0.M215 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta comhlíonta go sásúil
Athchóiriú Pá Íosta [Le cois gharsprioc C13.R5.0.M392 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta]	Lena mbunaítear sásra socraithe pá íosta bunaithe ar chritéir oibiachtúla a thacaíonn le cruthú post agus le hiomaíochas náisiúnta, lena mbaineann coigeartú ar an ollphá íosta i gcomhréir leis an ráta boilscithe tuartha agus leis an ráta fáis táirgiúlachta. Má tá an cóimheas nua idir an t-ollphá íosta coigeartaithe agus an meán-ollphá réamh-mheasta le haghaidh na bliana dár gcionn faoi bhun 45 %, féadfar an t-ollphá íosta a choigeartú freisin faoi 0 % - 50 % den ráta fáis táirgiúlachta atá tuartha, ach níor cheart an cóimheas a bheith ag sárú 50 % riamh.	**<u>Faoi R1-2025:</u>** Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena rialaítear an córas nua um pá íosta a shocrú.	Teacht i bhfeidhm an ghnímh normataigh
Athchóiriú Pá na hEarnála Poiblí [Le cois gharsprioc C14.R4.0.M420 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta]	Beartas pá cóir agus inbhuanaithe a áirithiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chomhéifeachtaí an ordlathais i gcás gach teaghlaigh ceirde san earnáil phoiblí, eangaigh tuarastail a thabhairt isteach an athuair le haghaidh oifigigh riaracháin áitiúla, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras liúntas agus méid airgeadaíochta na liúntas a uasteorannú ag 20 % den bhuntuarastal. Inbhuanaitheacht fhioscach chóras luacha saothair oifigigh na hearnála poiblí a áirithiú. Chuige sin, ní thiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm go dtí go dtitfidh an t-easnamh sa bhuiséad, i dtéarmaí GSE, faoi bhun 5 % de OTI (lena n-áirítear más rud é go dtugtar le tuiscint leis sin uainiú an athchóirithe sin	**<u>I gcás ina bhfuil an t-easnamh rialtais faoi bhun 5 % de OTI:</u>** **Céim 1:** Glacadh agus teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil nua maidir le luach saothair oifigeach poiblí, lena n-áirithítear go bhfanfaidh an párolla poiblí, mar sciar de OTI, i gcomhréir nó faoi bhun an mhéid a áirítear i réamh-mheastacháin an phlean fhioscaigh mheántéarmaigh. **Céim 2:** Cloí go dian le réamh-mheastacháin MTFSP maidir leis	Teacht i bhfeidhm an chreata reachtaigh nua, tar éis an t-easnamh rialtais a laghdú go dtí faoi bhun 5 % de OTI. Laghdú 1.5 pointe céatadáin ar an bpárolla poiblí, mar

[13] Uainiú bhearta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá an t-uainiú sin táscach agus comhfhreagraíonn sé do ghealltanais sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle.

	a leasú faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta). Cuirfear an córas nua chun feidhme agus forálacha an Dlí maidir le Freagracht Fhioscach-Bhuiséadach á n-urramú go hiomlán. Áiritheofar leis an athchóiriú go bhfanfaidh an párolla poiblí laistigh den imchlúdach sa phlean buiséadach struchtúrach meántéarmach.	an bpárolla poiblí mar sciar de OTI, le haghaidh na mblianta uile a chumhdaítear leis an bplean.	sciar de OTI, idir 2024 agus 2031, i gcomhréir le réamh-mheastacháin an phlean fhioscaigh mheántéarmaigh.
Athchóiriú Cánach Micrifhiontar [Le cois gharsprioc agus sprioc C8.R4.0.M206 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta]	Raon feidhme an chórais cánach le haghaidh micrifhiontar a laghdú de réir a chéile. Comhlíonadh iomlán le cuspóirí gharsprioc 206 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach incháilitheachta don chóras (agus í a ailíniú, b'fhéidir, le tairseach CBL sa mheántéarma), agus an ráta cánach le haghaidh micrifhiontar a thabhairt cothrom le dáta. I gcoibhneas leis an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair, ginfidh an t-athchóiriú ioncam breise 0,1 % de OTI ar a laghad in 2025 agus ina dhiaidh sin.	**<u>Faoi R1-2025:</u>** Ullmhú agus teacht i bhfeidhm dlí, faoi dheireadh R1-2025, lena leasófar córas cánachais na micrifhiontar, chun é a chur i gcomhréir le garsprioc 206 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.	Teacht i bhfeidhm gnímh normataigh lena leasaítear na coinníollacha incháilitheachta don chóras cánach le haghaidh micrifhiontar, chun é a chur i gcomhréir le garsprioc 206 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun 0,1 % de OTI a ghiniúint in ioncam breise.
Athbhreithniú ar an gCreat Cánach [Le cois gharspriocanna agus spriocanna C8.R4.0.M207, C8.R4.0.M208, C8.I7.0.M237 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta]	Athchóiriú cánach a chur chun feidhme lena gcuirfear leis an gcomhdhlúthú fioscach agus lena gcuirfear chun cinn dreasachtaí eacnamaíocha níos fearr. Ba cheart tionchar buiséadach an athchóirithe in 2025 a bheith cothrom le 1,1 % de OTI ar a laghad, glan ar an tionchar a bheadh ann dá n-ardófaí an tairseach neamh-inchánach le haghaidh ioncam pinsin (0,2 % de OTI). Dá bhrí sin, beidh tionchar iomlán 1,3 % de OTI ag na bearta nua in 2025. Ós rud é go gcuirfear na bearta chun feidhme faoi dheireadh R1-2025, ba cheart tionchar buan na mbeart nua a bheith cothrom le 1,7 % de OTI ar feadh na bliana iomláine. An córas faisnéise a oibríochtú chun measúnú a dhéanamh ar mhaoin atá faoi réir cánacha maoine, agus na saintréithe seo a leanas aige: • Idir-inoibritheacht bunachar sonraí ina bhfuil faisnéis faoi mhaoin atá i seilbh institiúidí éagsúla. • Roinn thiomnaithe laistigh den Aireacht Airgeadais a oibríochtú. • Clárlann Praghsanna Díolacháin Maoine a chruthú le haghaidh maoin chónaithe, samhail oll-luachála a fhorbairt le haghaidh maoin chónaithe. • Sásra a bhunú chun luach inchánach réadmhaoine a chinneadh trí úsáid a bhaint as sásraí measúnaithe margadhluacha.	**<u>Faoi R1-2025:</u>** **Céim 1:** Tuarascáil a ullmhú, ag tógáil ar an tuarascáil ón mBanc Domhanda maidir le cánachas (arna hullmhú faoi gharsprioc 205 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta) lena mbunófar dhá chás don athchóiriú cánach, le bearta a bheidh sonraithe go hiomlán. Ba cheart gach réimse cánachais agus ranníocaíochtaí sóisialta a chumhdach leis na bearta. **Céim 2:** Meabhrán a ghlacfaidh an rialtas lena n-áirítear bearta sonracha cánach bunaithe ar an tuarascáil thuasluaite. Ba cheart na bearta a bheith i gcomhréir le garspriocanna 207, 208 agus 237 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, agus le cuspóir 1 den athchóiriú cánach. **Céim 3:** Eagróidh an Rialtas díospóireacht phoiblí ar na leasuithe ar an gCód Fioscach. **Céim 4:** Cur chun feidhme agus teacht i bhfeidhm na mbeart an 1 Aibreán 2025 ar a dhéanaí. **<u>Faoi R4-2025:</u>** **Céim 5:** Córas TF a fhorbairt chun an tsamhail measúnaithe maoine uathoibrithe maidir le cánachas réadmhaoine a chur	Céim 1: Tuarascáil ó na húdaráis Céim 2: Meabhrán a ghlacfaidh an rialtas, i gcomhréir le príomhchuspóirí an athchóirithe, Céim 3: Díospóireacht phoiblí leis an earnáil phríobháideach. Céim 4: Teacht i bhfeidhm na mbeart i gcomhréir le Cuspóir 1 den athchóiriú. Céim 5: Tuarascáil ó na húdaráis.

		chun feidhme, tacú leis an gcur chuige nua atá bunaithe ar luach margaidh, agus roinn speisialaithe a oibríochtú a bhfuil freagrachtaí uirthi i réimse an chánachais maoine, dá dtagraítear i ngarsprioc 237 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.	
Athchóiriú ar Riarachán Cánach [Le cois gharspriocanna agus spriocanna C8.I2.0.M225 C8.I2.0.M226 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta C8.I2.0 M226a C8.I3.0 M227]	Is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar riarachán cánach agus ioncam rialtais breise a ghiniúint arb é atá ann 0,5 % de OTI ar a laghad in 2026. Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe: Feabhas a chur ar Aonad Frithchalaoise ANAF le huirlis faireacháin fíor-ama chun ceannacháin inchánach ardriosca a bhaineann le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal, idirbhearta idirthurais agus idirbhearta intíre a bhrath. Uirlisí anailíseacha agus modúl tiomnaithe frithchalaoise a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna CBL agus chun anailís a dhéanamh uirthi. Acmhainneacht a mhéadú chun neamhrialtachtaí a bhrath laistigh de chórais amhail e-Invoice, SAF-T, e-AMEF, e-DU, e-VAT, DAC-7, agus CESOP. An clár 'Anailís Thuarthach' a leathnú chun raon níos leithne cáiníocóirí a chumhdach, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht iniúchta cánach i gcás CBL agus cáin ioncaim chorparáideach. Córas rangaithe riosca le haghaidh cáiníocóirí a bhunú agus uirlis TF a fhorbairt chun méideanna móra sonraí a bhainistiú agus a anailísiú chun catagóirí riosca le haghaidh cáiníocóirí a chinneadh. Na córais riaracháin le haghaidh cáiníocóirí a nuachóiriú agus idir-inoibritheacht na gcóras sin le córais na n-institiúidí stáit eile a áirithiú chun feabhas a chur ar bhainistiú faisnéise cánach agus ar rochtain ar shócmhainní agus ar idirbhearta fíor-ama. An córas faisnéise a athdhearadh chun moilleanna ar iniúchtaí agus ar chigireachtaí cánach a laghdú. Reachtaíocht dócmhainneachta a leasú chun smacht níos fearr a fháil ar chuideachtaí a dhearbhaíonn dócmhainneacht agus chun an bhearna CBL a laghdú. Sásra íocaíochta uathoibríoch a chur chun feidhme chun comhlíonadh deonach a mhéadú agus sásraí solúbtha a thabhairt isteach maidir le hearraí inchorraithe a dhíol trí ionaid mhiondíola. Roinn speisialaithe a bhunú chun anailísí riosca a dhéanamh trí úsáid a bhaint as samhlacha, modúil frithchalaoise a oibríochtú, an bhearna CBL a chainníochtú, agus acmhainneacht ANAF i ndáil le	**Faoi R1-2025 (R4-2026 i gcás APIC):** **Céim 1:** Sásra luathbhraite a chur chun feidhme le haghaidh calaois CBL a bhaineann le ceannacháin laistigh den Chomhphobal, le hidirthurais, agus le hidirbhearta intíre. **Faoi R2-2025:** **Céim 2:** Modúil frithchalaoise a chur chun feidhme chun idirbhearta a bhfuil amhras ann go ndearnadh calaois rothlach orthu a anailísiú agus a shainaithint (CARUSEL, INDFISC, TRANSPRISC, COMRISC, agus RORISC). **Faoi R2-2025:** **Céim 3:** Seacht dtionscadal digitithe a chur i gcrích, lena n-áirítear e-Invoice, SAF-T, e-AMEF, e-DU, e-VAT, DAC-7, agus CESOP. **Faoi R1-2025:** **Céim 4:** Formhaoirseacht ar an sásra pleanála cánach le haghaidh cáiníocóirí móra a neartú agus an sásra sin a leathnú chun cáiníocóirí meánmhéide a chumhdach tar éis APIC a chur chun feidhme. **Faoi R4-2025:** **Céim 5:** Bunachair sonraí inmheánacha a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú; córas nua a fhorbairt bunaithe ar choincheap próifílithe uileghabhálach na gcáiníocóirí; idir-inoibritheacht le córais faisnéise na n-institiúidí stáit a áirithiú. **Faoi R4-2026:** **Céim 6:** Sásra bailithe nua-aimseartha a chur chun feidhme	Céimeanna 1-7: Tuarascálacha ó na húdaráis. Ba cheart méadú 0,5 % ar a laghad de OTI a theacht ar an gcóimheas ioncaim in aghaidh OTI in 2026 i gcoibhneas le 2024, glan ar thionchar na mbeart nua a bhfuil tionchar acu ar bhoinn chánach agus ar rátaí cánach a glacadh in 2025 agus 2026. Déanfar measúnú air sin i mí Aibreáin 2027 bunaithe ar na cuntais náisiúnta.

	frith-imghabháil a neartú.	lena dtabharfar an rogha do cháiníocóirí íocaíocht athfhillteach dliteanas cánach dearbhaithe a roghnú. **Faoi R4-2025:** **Céim 7:** Struchtúr speisialaithe a bhunú agus a oibríochtú ina mbeidh saineolaithe TF, eacnaiméadracht, agus anailís airgeadais chun rioscaí agus bearnaí cánach a chainníochtú.	
Athstruchtúrú an Chórais Caiteachais Phoiblí / Athbhreithnithe caiteachais [Le cois gharspriocanna C8.R3.M202, C8.I5.0.M234, C13.R5.0.M392, agus C14.R1.0.T403 den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta]	Bunachar sonraí a chruthú maidir le meánchostais na gceannachán agus sásra rialaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar mhéaduithe gan údar ar chaiteachas agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Fónfaidh an bunachar sonraí sin freisin chun soláthar earraí agus seirbhísí sonracha a lárú, costais a laghdú agus noirm chaiteachais a thabhairt isteach le haghaidh institiúidí poiblí. Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaiteachas poiblí go bliantúil, spriocanna éigeantacha coigiltis a leagan síos agus bearta a shainaithint chun iad a bhaint amach, i gcomhréir le hamlíne na straitéise maidir le hathbhreithnithe caiteachais. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí ar earraí agus ar sheirbhísí caighdeánaithe laistigh den riarachán poiblí lárnach. Sa chóras cúraim sláinte, soláthar láraithe feistí leighis agus tomhaltán don chóras éigeandála a chur chun feidhme. Nuashonrú agus nuachóiriú a dhéanamh ar an gcóras TF a úsáidtear chun an buiséad náisiúnta a fhorbairt agus a bhainistiú chun bainistiú níos fearr ar shonraí buiséadacha a bhaint amach, trédhearcacht bhuiséadach a mhéadú, faireachán agus tuairisciú feabhsaithe. Ina theannta sin, an líon sainfhoirne speisialaithe a bhfuil baint acu le hathbhreithnithe caiteachais a mhéadú. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil chun freagrachtaí na hAireachta Airgeadais agus na n-údarás poiblí lárnach agus áitiúil a neartú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athbhreithnithe caiteachais.	**Faoi R4-2025:** **Céim 1:** Bunachar sonraí a chruthú agus sásra rialaithe a bhunú le haghaidh méaduithe os cionn 20 % i gcomparáid le meánchostais institiúidí poiblí. **Gach bliain a chumhdaítear leis an bplean (2025-2031):** **Céim 2:** Athbhreithnithe caiteachais téamacha a dhéanamh ar bhonn bliantúil agus conclúidí agus moltaí a chur i bhfeidhm i bpróiseas pleanála an bhuiséid, i gcomhréir leis an sceideal bliantúil atá bunaithe. **De réir a chéile, ó R4-2024 go R2-2030:** **Céim 3:** Catagóirí na n-earraí agus na seirbhísí a sholáthrófar go lárnach a leathnú, ag díriú ar earnálacha tosaíochta a bhfuil leibhéil arda caiteachais acu. Sciar na nósanna imeachta soláthair arna ndámhachtain ag ONAC, i gcoibhneas leis na nósanna imeachta soláthair uile arna ndámhachtain ag na húdaráis chonarthacha uile sa Rómáin, a mhéadú faoi 0,25 % in aghaidh na bliana ar an meán sna 7 mbliana amach romhainn. **Faoi R4-2025:** **Céim 4:** An struchtúr speisialaithe laistigh den Aireacht Airgeadais a oibríochtú chun faireachán a dhéanamh ar chórais caiteachais phoiblí trí tháscairí feidhmíochta a úsáid agus páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna speisialaithe arna n-eagrú le tacaíocht ón mBanc Domhanda. **Faoi R4-2025:**	Céim 1: Tuarascáil ó na húdaráis Céim 2: Dhá athbhreithniú caiteachais a fhoilsiú in aghaidh na bliana maidir le hearnálacha nó gníomhaíochtaí sonracha. Cuimseofar spriocanna éigeantacha coigiltis sna hathbhreithnithe. Céim 3: Tuarascáil ó na húdaráis, lena léireofar an méadú ar sciar na nósanna imeachta soláthair arna ndámhachtain ag ONAC. Céim 4: Tuarascáil ó na húdaráis Céim 5: Teacht i bhfeidhm an ghnímh

		Céim 5: Creat dlíthiúil a bhunú chun táscairí feidhmíochta a chur chun feidhme ar leibhéal na n-údarás poiblí lárnach agus na n-údarás poiblí áitiúil.	normataigh faoi R4-2025.
Athchóiriú ar Mhaoiniú Gnó (beart nua)	Acmhainneacht riaracháin na hAireachta Infheistíochtaí agus Tionscadal Eorpach a neartú chun cistí a leithdháileadh chun tacú le FBManna i bhfoirm cothromais phríobháidigh, chun forbairt eacnamaíoch fhadtéarmach a chothú, infheisteoirí a mhealladh, agus poist a chruthú.	**Faoi R2-2026:** Athchóiriú ar an gCreat Institiúideach chun Cistí a Leithdháileadh chun Tacú leis an Timpeallacht Ghnó - Ciste Infheistíochta Cothromais Phríobháidigh chun Tacú le FBManna.	Teacht i bhfeidhm an dlí lena ndéanfar an ciste a oibríochtú, mar aon le reachtaíocht shonrach maidir le deontais, creidmheasanna cánach agus creidmheasanna infheistíochta don tionscal déantúsaíochta.
Athchóiriú ar an gCóras Caiteachais le haghaidh fiontair faoi úinéireacht an stáit (beart nua)	Anailísí diagnóiseacha a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha arb é is aidhm dóibh: • Caillteanas agus íocaíochtaí thar téarma a laghdú. • Táillí a ghearrtar ar sheirbhísí a dhéantar a nuashonrú agus costais oibríochtúla a laghdú, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh laghdú ar fhóirdheontais/aistrithe ó bhuiséad an stáit, méadú ar ghlanbhrabúis, agus méadú ar ioncam buiséid an stáit. • Sócmhainní neamhthuillmheacha/neamhfheidhmiúla a shainaithint, bearta a mholadh maidir lena n-úsáid agus/nó lena ndiúscairt. • Rialacha caiteachais a thabhairt isteach, go háirithe le haghaidh catagóirí caiteachais nach mbaineann go díreach leis an bpróiseas táirgthe ná le seachadadh seirbhíse. Leis an athchóiriú, ba cheart lánurraim a thabhairt do phrionsabal neamhspleáchas na bhfiontar faoi úinéireacht stáit agus don cheanglas atá orthu brabúsacht a shaothrú. I dteannta a chéile, ba cheart aistrithe/fóirdheontais níos ísle ó rialtais láir agus rialtais áitiúla chuig fiontair faoi úinéireacht stáit, aistrithe/fóirdheontais arb é atá iontu 0,25 % de OTI le haghaidh thréimhse iomlán an phlean, a bheith mar thoradh ar na bearta sin.	**Faoi R3-2025:** **Céim 1:** Anailís dhiagnóiseach a dhéanamh ar an gcóras caiteachais oibríochtúil, ar an gcóras ioncaim, agus ar na sásraí chun táillí a nuashonrú, chomh maith leis an gcóras fóirdheontais le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. **Faoi R4-2025:** **Céim 2:** An creat rialála a bhunú chun feabhas a chur ar an gcóras caiteachais oibríochtúil, feabhas a chur ar bhainistiú sócmhainní poiblí, rialacha caiteachais a thabhairt isteach, agus spleáchas ar an mbuiséad rialtais ghinearálta a laghdú faoi R4 2025.	Céim 1: Tuarascáil ó na húdaráis. Céim 2: Teacht i bhfeidhm an chreata rialála. Ba cheart aistrithe níos ísle ó rialtais láir agus rialtais áitiúla chuig fiontair faoi úinéireacht stáit, aistrithe arb é atá iontu 0,25 % de OTI le haghaidh thréimhse iomlán an phlean, a bheith mar thoradh ar an athchóiriú (i gcoibhneas leis an leibhéal in 2023).

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán